# IOMPRAÍOCHT SLÁINTE LEANAÍ IN AOIS SCOILE (HBSC), ÉIRE

## FÁILTE

Fáilte go dtí suíomh gréasáin na hÉireann d’Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile (HBSC). Tá an suíomh seo do dhaoine ar spéis leo an staidéar HBSC. Tá faisnéis luachmhar ar fud fad an tsuímh ghréasáin seo go háirithe do dhaoine le gairmeacha sa tseirbhís sláinte, do thaighdeoirí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do leanaí.

## Cúlra

Is staidéar taighde trasnáisiunta é an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile (HBSC) atá á dhéanamh i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) don Eoraip. Is é aidhm an staidéar ná léargas nua a fháil agus cur lenár dtuiscint ar shláinte agus ar fholláine daoine, ar iompraíocht sláinte agus ar an gcomhthéacs sóisialta a bhaineann léi. Ina theannta sin, tá na torthaí ó na suirbhéanna HBSC á n-úsáid le heolas a chur ar fáil agus le dul i bhfeidhm ar bheartais agus ar chleachtais ar son na leanaí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuireadh tús leis an HBSC i 1982 agus déantar suirbhé gach 4 bliana. Baineann 2010 le breis agus 200,000 leanbh ó 43 tír. Is iad na sprioc-aoisghrúpaí don staidéar HBSC ná daoine óga 11, 13 agus 15 bliana d'aois agus atá ag freastal ar scoil. Tá na haoisghrúpaí sin ag tairseach na hógántachta, agus tá dúshláin mhóra roimh na daoine óga a bhaineann le hathruithe coirp agus mothúchán. Tá siad, chomh maith, sna blianta cinniúnacha meánacha sin nuair a chaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar chinntí tábhachtacha maidir lena saol agus a ngairm.

Tuilleadh Eolais anseo: http://www.hbsc.org/

Tugadh cuireadh don Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, a bheith páirteach sa líonra HBSC i 1994 agus rinne an tIonad an chéad suirbhé ar leanaí scoile in Éirinn i 1998. Ba é suirbhé 2010 an ceathrú ceann a raibh Éire páirteach ann sa chomhthaighde idirnáisiúnta seo. Déanann HBSC Éire suirbhéanna ar leanaí scoile idir 9-18 bliana d’aois.

## Modh Staidéir & Dearadh an HBSC

Is suirbhé scoilbhunaithe an HBSC ina mbailítear sonraí trí cheistneoirí a chomhlánaíonn na daltaí scoile féin agus a bhíonn á riaradh ag na múinteoirí sa seomra ranga. Chun teacht ar an sampla rannpháirtithe don HBSC in Éirinn, fuarthas liostaí de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Roghnaíodh scoileanna go randamach ó gach cearn den tír agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa suirbhé. Baineann HBSC leas as an gceistneoir caighdeánach Suirbhé a d'fhorbair an líonra taighde idirnáisiúnta agus atá in úsáid ag gach tír atá rannpháirteach sa suirbhé.

Tá sraith de chroícheisteanna ag gach ceistneoir suirbhé atá dírithe ar na réimsí seo a leanas:

- **Tosca Cúlra**: cúinsí déimeagrafacha agus aibithe, cúlra sóisialta (comhdhéanamh an teaghlaigh, stádas socheacnamaíoch)
- **Acmhainní aonair agus sóisialta**: íomhá coirp, tacaíocht teaghlaigh, comhaoisithe, timpeallacht na scoile
- **Iompraíocht sláinte**: gníomhaíocht choirp, nósanna itheacháin agus aiste bia, caitheamh tobac, úsáid alcóil, úsáid cannabais, agus bulaíocht, gortaithe.
- **Torthaí nó Aschuir Sláinte**: siomtóim, sástacht lena saol, sláinte féintuairiscithe, innéacs corpmhaise

Cuireann an-chuid tíortha míreanna breise ina gceistneoirí náisiúnta ar ábhair spéise ar leith iad ar bhonn náisiúnta.

Tá tuilleadh eolais faoi dhearadh an tSuirbhé Idirnáisiúnta ag http://www.hbsc.org/.

## Ceisteanna coitianta:

Shainaithin foireann na hIompraíochta Sláinte Leanaí in Aois Scoile (HBSC) roinnt ceisteanna a chuirtear go minic faoin suirbhé in Éirinn. Tá na ceisteanna sin roinnte sna catagóirí seo a leanas: cúlra an HBSC, modheolaíocht, rúndacht, scaipeadh an eolais.

## Cúlra an HBSC

***C: Cé a dhéanann an suirbhé?***

F: Tá an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann Gaillimh freagrach as riaradh an staidéir in Éirinn (http://www.nuigalway.ie/hpr/). Tá sé maoinithe ag an Aonad Polasaí um Chothú Sláinte agus ag Oifig an Aire do Leanaí, An Roinn Sláinte agus Leanaí. Rinne an tIonad an suirbhé i 1998, 2002 agus 2006 chomh maith.

***C: Cén fáth a bhfuil an suirbhé á dhéanamh?***

F: Cabhróidh an staidéar seo linn léargas nua a fháil agus cur lenár dtuiscint ar iompraíocht shláinte daoine óga. Cabhróidh na torthaí freisin le forbairt beartas agus le cleachtais sláinte amach anseo agus le deiseanna níos fearr a chruthú chun sláinte daoine óga a fheabhsú. Ba é suirbhé 2010 an ceathrú uair a raibh Éire rannpháirteach agus ag cabhrú linn athruithe thar thréimhse a rianú agus dea-chleachtais a shainaithint.

**C: *Cén tslí a bhfuil suirbhé* HBSC *difriúil ó shuirbhéanna eile ar shláinte leanaí?***

F: Staidéar suaithinseach is ea an HBSC mar go ndéantar iarracht aird a dhíriú ar na cúinsí a mhúnlaíonn agus imríonn tionchar ar shláinte agus ar iompraíocht sláinte. Mar shampla, tá ceisteanna ann faoin gcaidreamh atá ag daoine óga le daoine eile agus faoin gceantar áitiúil ina bhfásann na daoine óga aníos. Ina theannta sin, cuidíonn gné idirnáisiúnta HBSC lenár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí idirnáisiúnta agus straitéisí agus cleachtais a mhalartú i gcásanna inar éirigh níos fearr le tíortha áirithe iompraíocht a bhaineann le rioscaí ar leith a mhaolú, m.sh. úsáid drugaí. Is é HBSC an staidéar is cuimsithí ar iompraíocht sláinte déagóirí luatha.

***C: An bhfuil tacaíocht ann don suirbhé?***

F: Tacaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an staidéar agus aithnítear an tábhacht atá leis. Chuireamar na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar bhainistíocht scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí ar an eolas faoi. Rinne Coiste Eitice Taighde Ollscoil na hÉireann Gaillimh faomhadh ar dhearadh agus cleachtais shuirbhé HBSC.

***C: Cad é ról na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) in* HBSC*?***

F: Feidhmíonn an WHO mar chomhpháirtí agus comhoibríonn sí leis na 43 tír agus réigiún atá rannpháirteach in HBSC. Tugann sí tacaíocht do thíortha atá níos lú agus atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus ar mian leo a bheith rannpháirteach in HBSC. Bhí ról lárnach aici chomh maith i bhforbairt, i bhfoilsiú agus i scaipeadh na dtuarascálacha idirnáisiúnta a d’eascair as na suirbhéanna.

## Modheolaíocht

**C. *Cén chaoi ar roghnaíodh leanaí chun páirt a ghlacadh*?**

F: Roghnaíodh sampla de scoileanna go randamach ar bhealach a chinntíonn ionadaíocht chothrom ar leanaí agus ar dhéagóirí atá sa chóras oideachais in Éirinn. Roghnaíodh gach cineál scoile ar fud na tíre.

**C.** ***Cé mhéad mac léinn ar fad a ndearnadh suirbhé orthu?***

F: Rinneadh suirbhé ar 13,738 mac léinn ina n-iomláine d'HBSC Éire 2006 agus a chuimsigh daltaí ó 427 scoil.

**C.** ***Cé na ranganna a cuireadh san áireamh?***

F. Riaradh ISLAC 2006 in Éirinn i measc mac léinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (cé is moite de bhliain na hardteistiméireachta).

**C.** ***Cén saghas ceisteanna a cuireadh i Suirbhé* HBSC*?***

F: Chun tuiscint a fháil ar na cúinsí a mhúnlaíonn agus a imríonn tionchar ar shláinte agus iompraíocht sláinte, tá ceisteanna sa suirbhé faoin gcaidreamh atá ag na daoine óga leis an teaghlach agus le daoine eile, faoin tslí a mbreathnaítear ar an scoil mar thimpeallacht thacúil, faoi úsáid alcóil agus tobac, faoi úsáid drugaí, aiste bia, gníomhaíocht choirp, gortaithe agus faoi na pobail ina gcónaíonn na mic léinn. Bhí lánchead ag mic léinn gan ceisteanna a fhreagairt dá mhian leo.

## Rúndacht

***C: An féidir ainmneacha mac léinn a úsáid nó a cheangal le suirbhéanna?***

F: Tá modhanna riaracháin an tsuirbhé deartha ionas go gcosnófar príobháideachas na mac léinn agus gur féidir leo páirt a ghlacadh gan iad féin a ainmniú. Ní chuireann siad a n-ainmneacha ar an suirbhé agus ní bhaintear úsáid as aon aitheantóir pearsanta. Ní fhoilseofar eolas faoi aon leanbh aonair. Ní thabharfar ainmneacha na scoileanna ná na mac léinn a ghlac páirt in aon tuarascáil. Ní fhaigheann múinteoirí tuarascáil faoina scoileanna féin.

***C: An ndéantar mic léinn a rianú thar thréimhse d'fhonn athruithe in iompar a scrúdú?***

F: Ní dhéantar. Ní féidir na mic léinn atá páirteach a rianú mar nach bhfuil aon fhaisnéis sa suirbhé comhlánaithe lena bhféadfaí iad a aithint.

**C:** ***Cé a riar an suirbhé ar na mic léinn?***

F: D'ainmnigh an príomhoide múinteoirí chun an suirbhé a riaradh. Cuireadh treoirlínte maidir leis an tslí agus na coinníollacha ab fhearr chun é sin a dhéanamh .i. ar nós mar a bheadh scrúdú á reáchtáil. Chuir na mic léinn a gcuid ceistneoirí i gclúdaigh a cuireadh ar fáil agus dhún siad iad sular bailíodh iad, rud a dheimhnigh nárbh fhéidir mic léinn a aithint.

## Scaipeadh Eolais

***C: Cén chaoi a mbainfear feidhm as na torthaí?***

A: Bhain an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), an Aontas Eorpach, an Coimisiún Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe leas as na torthaí le feabhas a chur ar shaol leanaí. Úsáideadh an t-eolas in Éirinn le dul i bhfeidhm ar bheartas náisiúnta sláinte, an Straitéis Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Sláinte agus an Straitéis Náisiúnta Leanaí san áireamh. Anuas air sin, d'úsáid an Oifig Náisiúnta Leanaí iad mar tháscairí d'fholláine leanaí. Beidh an fhaisnéis nua seo tábhachtach do gach duine atá ag obair le leanaí nó ar a son: lucht pleanála, oideachasóirí, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine atá i mbun cúram leanaí agus, ar ndóigh, na daoine óga iad féin.

**C: *Cén áit a bhfaighinn cóip de na torthaí*?**

A: Is féidir tuarascálacha idirnáisiúnta na suirbhéanna a reáchtáladh i 2002 agus 2006 a fháil ag http://www.hbsc.org. Tá tuarascálacha HBSC Éire ar fáil ar ár leathanach foilseachán (publications). Tá bileoga eolais faoi na suirbhéanna a reáchtáladh i 2002 agus 2006 ar fáil ach cliceáil anseo (Factsheets 2002) (Factsheets 2006). Is féidir eolas breise a iarraidh ach ríomhphost a sheoladh chuig an Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann Gaillimh: HBSC@nuigalway.ie.